

15.11.2023

A9-0319/343

Leasú 343
João Pimenta Lopes
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12a) Le haistriú bhainistiú na dramhaíola uirbí, agus dá bhrí sin, na pacáistíochta, chuig an earnáil phríobháideach a chonacthas i roinnt Ballstát, ní dhearnadh aon fheabhas ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na hearnála. Tá sé léirithe go bhfuil sé neamhéifeachtach agus nach gcuireann sé leis an athrú is gá ar pharaidím aisghabhála agus cóireála dramhaíola cathrach, ag leanúint de leibhéal ísle aisghabhála ilábhar a bhaint amach, gan tús áite a thabhairt d'athúsáid agus athchúrsáil, agus líonadh talún a choinneáil mar an réiteach is fearr. Léiríonn sé sin an easpa infheistíochta san earnáil agus an easpa tiomantais do réitigh atá níos fónta ó thaobh an chomhshaoil de, le cur chuige atá á spreagadh ag brabús seachas ag an tseirbhís phoiblí a bhfuil sé d'oibleagáid ar na córais sin a sholáthar, rud a fhágann nach gcomhlíonann siad na cuspóirí maidir le dramhaíl a chosc, a tháirgeadh agus a aisghabháil nach bhfuil brabúsach ó thaobh airgeadais de.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/344

Leasú 344

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12b) Baineann bainistiú poiblí na hearnála le dramhaíl chathrach a rialáil agus a bhainistiú i gceart, rud a chiallaíonn próisis phríobháidithe a aisiompú agus rialú poiblí a athbhunú ar fud na hearnála. Ba cheart na bearta agus na hinfheistíochtaí is gá a chur i bhfeidhm chun cuspóirí náisiúnta maidir le bainistiú dramhaíola a shaothrú, chun an comhshaol agus cáilíocht saoil an daonra a choimirciú, chun soláthar éifeachtach seirbhíse poiblí a áirithiú seachas chun brabús a uasmhéadú mar chuspóir deiridh.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/345

Leasú 345

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 12 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12c) Tá an rogha chun an t-ualach a bhaineann le bainistiú príobháideach neamhéifeachtúil ar earnáil na dramhaíola cathrach a aistriú chuig bardais agus saoránaigh, mar is amhlaidh i roinnt Ballstát, iomrallach agus cruthaítear míchothromaíochtaí agus neamhionannais leis, rud a chuireann béim ar neamhshiméadrachtaí agus nach gcuireann bainistiú réasúnach ná cosaint leasanna poiblí chun cinn.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/346

Leasú 346

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 12 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12d) Is gné eile é aistriú leanúnach na gcostas bainistithe dramhaíola chuig saoránaigh trí tháillí a chur i bhfeidhm níos mó, gan ceangal a chur ar phacáistíocht a laghdú le linn táirgthe agus margatóchta, gan roghanna malartacha inchreidte a chur ar fáil dóibh maidir le tomhaltas táirgí agus diúscairt dhifreáilte, agus gan na hinfheistíochtaí is gá a chur chun cinn chun rochtain a áirithiú do chách ar chórais diúscairthe atá curtha in oiriúint d'fhíor-imthosca an daonra, lena n-áirithítear go ndéanfar an t-athchúrsáil agus an aisghabháil ilábhar ina dhiaidh sin, ar gné eile é nach mór a anailísiú agus a cheartú chun líonadh talún a laghdú go héifeachtach.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/347

Leasú 347

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 12 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12e) Ní théann an cinneadh chun freagracht a chur ar an tomhaltóir deiridh i ngleic le príomhghnéithe chosc na dramhaíola agus le diúscairt oiriúnach le haghaidh aisghabhála, ní thugtar aghaidh ann ar ábhair a chur ar an margadh ná ní chuirtear chun cinn na hinfheistíochtaí is gá chun rochtain a áirithiú do gach duine ar chórais diúscartha atá oiriúnaithe d'fhíor-imthosca an daonra agus lena n-áirithítear go ndéanfar iad a threorú ina dhiaidh sin le haghaidh athchúrsáil agus aisghabháil ilábhar.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/348

Leasú 348

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(23a) Ag an am céanna, ba cheart coinníollacha agus dreasachtaí a chruthú freisin chun ionchorprú na dramhaíola ó phacáistíocht i bpróisis táirgthe a dhéanamh tarraingteach agus chun laghdú pacáistíochta a chur chun cinn maidir lena bhfuil fíor-riachtanach, agus ar an gcaoi sin amhábhair íona a shábháil.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/349

Leasú 349

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(24a) Éilíonn éagsúlacht phointí tosaigh na mBallstát maidir leis na cuspóirí a mholtar leis an Rialachán seo iarrachtaí éagsúla chun na spriocanna a leagtar síos a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart na spriocanna a shocraítear agus luas an chur chun feidhme a bheith iomchuí do gach Ballstát agus ba cheart go n-áiríteofaí leo creat ama atá solúbtha go hiomchuí ionas go mbeadh sé indéanta cuspóirí sainithe na dtíortha a bhaint amach. Ina theannta sin, ba cheart na hacmhainní Comhphobail atá ar fáil do na Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil leibhéil níos ísle bailithe agus athchúrsála acu, a neartú chun na hinfheistíochtaí is gá a chur chun cinn i bhfothú acmhainneachta agus i mbonneagar chun na críche sin.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/350

Leasú 350
João Pimenta Lopes
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 84 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(84a) Ba cheart go mbeadh sé mar thosaíocht ag na Ballstáit na bearta agus na caighdeáin is gá a thabhairt isteach chun a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí agus gnólachtaí ardleibhéil sláinte agus sábháilteachta ceirde a chosaint agus a chur chun cinn do gach oibrí i gcomhréir leis na rioscaí sonracha a bhfuil siad neamhchosanta orthu agus i gcomhréir leis na hearnálacha táirgthe, athchúrsála agus bainistithe dramhaíola ina n-oibríonn siad.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/351

Leasú 351

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 90 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(90a) Sa saol laethúil, is minic a bhíonn méid neamhréasúnach pacáistithe gan ghá ann, go háirithe nuair a bhíonn táirgí bunúsacha bia nó sláinteachais á gceannach, a mbíonn níos mó ná sraith amháin pacáistithe acu go minic, chomh maith le príomh-phacáistíocht an táirge chun a chaomhnú agus a shláine a ráthú, agus an chuid eile iomarcach agus gan úsáid go hiomlán. Dá bhrí sin, chun pacáistíocht a laghdú, ní mór aghaidh a thabhairt ar tháirgeadh agus ar mhargaíocht chun róphacáistíocht a laghdú.

Or. pt

15.11.2023

A9-0319/352

Leasú 352

João Pimenta Lopes

thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 90 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(90b) Ní mór gníomhaíocht a dhéanamh chun an úsáid ollmhór a bhaintear as pacáistíocht iomarcach a laghdú trí rialacha an mhargaidh a shárú, rud a spreagann tomhaltas gan cheangal agus an brabús a uasmhéadú trí thonaí agus tonaí de phacáistíocht iomarcach a úsáid agus trí chainníochtaí níos mó fós d'acmhainní nádúrtha a úsáid, rud a dhéanann difear don chomhshaol agus a chuireann na costais ar aghaidh chuig an tomhaltóir deiridh. Is leasanna tráchtála agus gnó amháin atá i réim seachas fíorchaomhnú táirgí, rud a mbíonn iarmhairtí diúltacha aige do theaghlaigh, ar gá dóibh níos mó a íoc as na táirgí, agus ar an gcomhshaol, ós rud é go n-ídítear níos mó acmhainní nádúrtha agus go dtáirgtear níos mó dramhaíola.

Or. pt